4.0 Timpeallacht Feidhmiúcháin

4.1 Creatpholasaí

Leagadh amach na cuspóirí don chéad chúig bliana eile i i gcomhthéacs chreatpholasaí leathan a dhíríonn fócas gníomhaíochta na Comhairle mar a leanas:

PLEAN NÁISIÚNTA FORBARTHA 2000 - 2006

Chuir an clár infheistíochta seacht mbliana seo d'Éirinn ardleibhéal infheistíochta ar fáil do infrastruchtúr eacnamaíoch agus sóisialta nár tharla riamh roimhe sin mar aon le mórinfheistíocht in oideachas agus i dtraenáil . Ó feidhmíodh é deineadh anailís iomlán ar dhul chun cinn agus ar mholtaí ar ath-leithdháileadh na cistíochta don saolré a bhí fágtha ag an bPlean, trí Mheasúnú Meántéarma i 2003.

Aithníonn Comhairle Contae Luimnigh mórthábhacht a ról maidir le soláthar a dhéanamh ar infrastruchtúr agus tacaíochtaí sóisialta áitiúla faoi Chláracha Feidhmiúcháin éagsúla laistigh de chreatlach an Phlean agus de cheann ar bith a thiocfaidh ina áit. Tá dúshlán faoi leith, áfach, ina bheith inacmhainn ar airgeadú a dhéanamh ar fheidhmiúchán agus ar chothabháil an nuastruchtúir sa todhchaí.

STRÁITÉIS NÁISIÚNTA SPÁSÚIL 2002-2020 AGUS RÉIGIÚN AN MHEÁN-IARTHAIR: Stráitéis Réigiúnach agus Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha Bealtaine 2004

Tógann an creatlach pleanála 20 bliain seo don tír ar fad ar thionscnaimh an Phlean Náisiúnta Forbartha agus is cur chuige nua é do phleanáil do fhorbairt na tíre feasta ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá sé d'aidhm aige cothromaíocht sóisialta, eacnamaíochta agus fhisiciúil níos fearr a bhaint amach idir na réigiúin trí aithint agus feabhsú a dhéanamh ar mhéid áirithe cathracha agus bailte móra áirithe a bhfuil suímh straitéiseacha acu, mar "innill foráis" nó "geatabhealaigh".

Aistríodh an cur chuige spásúil náisiúnta isteach i dTreoirlínte Pleanála Réigiún an Mheán-Iarthair, a dhein soláthar ina thuras ar an gcreatlach réigiúnach don bPlean Forbartha Contae atá arna ullmhú faoi láthair ag Comhairle Contae Luimnigh. Aithnítear sa pholasaí forbartha áitiúil, agus creatlach á leagann amach ann d'fhorbairt an Chontae, an t-aonán nua mar atá an Geata / Mol Luimneach / Sionna / Inis / mar atá sa Straitéis Náisiúnta Spásúil agus sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha

RÁITEAS STRAITÉISE 2003 – 2005 (RCORÁ)

Leagann an cháipéis seo creatlach oibre amach don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtas Áitiúil i réimse iomlán a cuid feidhmeanna agus leagann sé amach an mandáid náisiúnta do na húdaráis aitiúla.

Leanfaidh Comhairle Contae Luimnigh, mar údarás áitiúil, ar aghaidh ag obair leis an Roinn ag feidhmiú go háitiúil tosaíochtaí an rialtais mar atá leagtha síos sa Straitéis i réimsí na timpeallachta,

4.0

oidhreachta, pleanála, tithíochta, rialtais áitiúil, infrastruchtúir agus seirbhísí áitiúla. Is é an dúshlán is mó bhaineas leis seo ná forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus feabhas a chur ar cháighdeán na beatha ag muintir Chontae Luimnigh..

NASCANNA RÉIGIÚNACHA

Ar an leibhéal réigiúnach déanann Comhairle Contae Luimnigh comhoibriú leis na húdaráis eile áitiúla sa cheantar, Cathair Luimnigh, An Clár, Ciarraí, agus Tiobraid Árann Thuaidh, maidir le pleanáil, comhordú agus seachadadh seirbhísí ina bhfuil diminsin trasteorainn. Tá tábhacht ar leith le ról Chomhairle Contae Luimnigh mar údarás cinnireachta san Oifig Deartha um Bóithre Náisiúnta an Mheán-Iarthair agus sa Phlean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola

Aithníonn Comhairle Contae Luimnigh ról Udarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair agus Tionól Réigiúnach an Oirthir maidir le comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí sa réigiún agus tugann sí tacaíocht leanúnach dá n-iarrachtaí.

STRAITÉIS AN BHORD FORBARTHA CONTAE

Foilsíodh straitéis deich mbliana Bhord Forbartha Contae Luimnigh d'Fhorbairt Eacnamaíochta, Sóisialta, agus Cultúrtha 'Ag Obair le Chéile i dTreo Todhchaí níos Fearr 2002-2011' in Aibreán na bliana 2002. Is é an straitéis seo an treoircreatlach do fhorbairt polasaithe poiblí agus seirbhísí i gContae Luimnigh go 2011.

Mar ghníomhairecht chinnireachta ar an mBFC is eol do Chomhairle Contae Luimnigh a dualgaisí faoin Straitéis a haidhmeanna a leagan amach don Phlean Corparáideach seo.



Tithíocht LEATHAN 32

4.0

4.2 Fachtóirí Criticiúla sa Dul Chun Cinn

Taobh istigh den chreatlach polasaí seo tá fachtóirí áirithe a shíleann Comhairle Contae Luimnigh tábhacht ar leith a bheith ag baint leo ó thaobh baint amach a haidhmeanna de.

a) Saintréithe an Chontae

b) Leathnú ar Shainchúram an Rialtais Áitiúil

c) Tionchar Pholasaí agus Reachtaíochta

d) Teacht ar Achmhainní

e) Súil na gCustaiméirí

SAINTRÉITHE AN CHONTAE

Mar a luadh cheana, is contae tuaithe don chuid is mó é Contae Luimnigh ina bhfuil breis agus 71% den daonra ina gcónaí i socrúcháin níos lú ná 1500. I bhfrithshuíomh díreach leis seo tá an ceathrú cuid den daonra ina gcónaí i mbruachbhailte thart ar Chathair Luimnigh agus dearcadh uirbeach acu dá réir. Dúshlán faoi leith ag Comhairle Contae Luimnigh is ea é úsaid achmhainní agus seachadadh infrastruchtúir ar bhealach a sheachnóidh bánú na tuaithe agus a chinnteoidh forbairt chothrom tríd an gcontae le saolré an Phlean Chorparáidigh seo.

SAINCHÚRAM LEATHNAITHE AN RIALTAIS ÁITIÚIL

Mar gheall ar leathnú ar shainchúram na n-údarás áitiúil le blianta beaga anuas, ó sholáthar seirbhísí go rialachas áitiúil ní mór do Chomhairle Contae Luimnigh féin páirt lárnach cinnireachta a ghlacadh chuici féin sa daonlathas ionadaíochta agus rannpháirtíochta. Chomh maith leis sin tá freagracht breise uirthi mar rialóir áitiúil agus mar ionadaí an Rialtais Láir i soláthar mórán seirbhísí áitiúla.

Is dúshlán a bhaineann leis seo é tacaíocht agus comhoibriú a fháil agus a cheannach isteach go cuí ó ghníomhaireachtaí eile a chuireann seirbhísí áitiúla ar fáil. Tá sé fíor thabhachtach ó thaobh aidhmeanna na Comhairle a bhaint amach de, go nginfí cur chuige slán/páirtnéireachta maidir le seirbhísí a sheachadadh.

TIONCHAR PHOLASAÍ AGUS REACHTAÍOCHTA

Mar údarás áitiúil, tá Comhairle Contae Luimnigh go mór faoi anáil reachtaíochta agus is ó reachtaíocht a eascrann cuid mhaith dá feidhmeanna. Tá fás suntasach ag teacht i gcónaí ar ráta méadaithe na bhfreagrachtaí mar gheall ar nuareachtaíocht ag a mbíonn impleachtaí achmhainne i réimsí mar smacht ar thruailliú, bainistíocht dramhaíola, soláthar tithíochta, beartais fhrithbhochtaine, rialachas corparáideach agus forálacha maidir le Gaeilge. Caithfear, mar sin, tabhairt faoi na cuspóirí corparáideacha ar bhealach a thagann leis an reachtaíocht agus polasaí reatha agus le freastal ar reachtaíocht agus polasaí amach anseo agus a thabharfaidh tosaíocht i gcónaí do fhreagrachtaí reachtúla na Comhairle.

TEACHT AR ACHMHAINNÍ

Tá sé fíor thábhachtach go ndéanfadh Comhairle Contae Luimnigh uasmhéadú ar na hachmhainní uile atá ann le saolré an Phlean agus i bhfianaise an éilimh méadaithe ar níos mó seirbhísí ardchaighdeán agus breis freagrachtaí reachtúla go gcuirfí na hachmhainní breise ar fáil. Anuas ar sin, tá sé riachtanach leorfhoinse láidir maoinithe a sholáthar le freastal ar thosaíochtaí

4.0

agus ar riachtanais má tá an Chomhairle leis an gcuid is fearr a fháil ar an dúshlán atá curtha roimpi ag a nuaról agus a nuafhreagrachtaí sa phobal. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí ag na srianta ar bhreis daoine a fhostú, ar fhairsinge agus ar chaighdeán na seirbhíse gur féidir a sholáthar do mhuintir Chontae Luimnigh. Bheadh moill ar dhul chun cinn chomh maith mura dtugtar aghaidh ar na heasnaimh sa chóras atá ann faoi láthair le rialtas áitiúil a mhaoiniú, mar a saineofar iad san athbhreithniú atá ar bun ag an Rialtas i láthair na huaire.

SÚIL ÁR DTOMHALTÓIRÍ

Cé go raibh seirbhís don tomhaltóir ard i gcónaí ar chlár Chomairle Contae Luimnigh, tá éileamh níos mó ná riamh anois ann ón bpobal ar níos mó seirbhísí agus ar sheirbhísí ar chaighdeán níos airde, ó tharla an bhuacaíocht eacnamaíochta. Tá spreagadh ar an éileamh seo chomh maith ó pholasaí an Rialtais seirbhís phoiblí níos oscailte agus níos freagraí a fhorbairt, ag tabhairt eolais faoi na seirbhísí, na cearta agus na teidil agus na próisis um ghearáin agus chúiteamh atá ag na tomhaltóirí. Mar sin ba cheart go mbeadh cuspóirí corparáideacha Chomhairle Contae Luimnigh ag déanamh cúraim de na riachtanais agus de na tosaíochtaí áitiúla a shainíonn a dtomhaltóirí, muintir Chontae Luimnigh. Cé go ndéanann an Plean seo talamh slán den chineál agus den chaighdeán a mbeadh tomhaltóirí na Comhairle ag súil leo, d'fhéadfadh suirbhéireacht fhairsing ar an mbonn tomhaltóireachta comhartha a aimsiú ar athrú treochta i gcuid de na seirbhísí le saolré an Phlean, agus más mar sin atá, cuirfear é seo isteach sna pleananna cuí oibriúcháin.